


Microsoft Forms - Tráthanna na gCeist a chruthú le hUathcheartú, Aiseolas agus Brainseáil

Tugann Microsoft Forms deis do mhúinteoirí agus do scoláirí tráthanna na gceist a roinnt ag úsáid brabhsálaí gréasáin ar bith, fiú amháin ar ghléasanna móibileacha. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina uirlis mheasúnaithe úsáideach, ag tabhairt aiseolas láithreach ar fhoghlaim na scoláirí do mhúinteoirí agus do na scoláirí iad féin



Seo roinnt gnéithe úsáideacha de chuid Microsoft Forms:

- an rogha ar phainéal ionchuir matamaitice, ar féidir é a úsáid agus tráth na gceist á chruthú agus ag freagróirí chun freagra a thabhairt ag úsáid nodaireacht mhatamaiticiúil agus siombailí más gá,
- brainseáil, a ligeann do chruthaitheoir thráth na gceist an chéad cheist/rannóg eile a chuirtear i láthair an fhreagróra a chur in oiriúint ag brath ar an bhfreagra a thug siad roimhe sin,
- agus ceartúchán, leis an rogha aiseolas a chur ar fáil le haghaidh cineálacha áirithe ceisteanna, ionas gur féidir le scoláirí aiseolas láithreach a fháil ar a gcuid freagraí.

Bain triail as...

Chun triail a bhaint as cuid den fheidhmiúlacht a luaitear thuas, b'fhiú duit roinnt tráthanna na gceist a dhéanamh ar Microsoft Forms. Ní thaifeadtar do chuid sonraí pearsanta má dhéanann tú ceann ar bith den dá thráth na gceist thíos.

- Tá Tráth na gCeist Microsoft Forms le hionchur matamaitice, ceartúchán agus aiseolas ar fáil ag <https://bit.ly/2Ez7S9F>. Tabhair faoi deara, chun ceartúchán agus aiseolas a fheiceáil, ní mór do fhreagróirí an rogha Taispeáin Torthaí (*View Results*) a roghnú ag deireadh an trátha ceisteanna.
- Tá tráth na gCeist Microsoft Forms le brainseáil ar fáil ag <https://aka.ms/tellingtime>. Tabhair faoi deara, beidh ar fhreagróirí roinnt ceisteanna a fhreagairt go mícheart chun taithí a fháil ar fheidhmiúlacht na brainseála..

Faigh tuilleadh eolais....



Tá cúrsa le fáil sa Ionad Oideoirí Microsoft, faoi Microsoft Forms dar teideal, Measúnuithe Barántúla a Chruthú', chun cabhrú le hoideoirí atá ag tosú ar úsáid Microsoft Forms. Roghnaigh an íomhá (ar chlé) nó an nasc (thíos) atá ar fáil le tú a thabhairt go díreach chuig an gcúrsa sin.

<https://education.microsoft.com/en-us/course/ac59d6bc/overview>